C/2025/1603

10.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.11898 – SONACA / GOVERA INVERSIONES / ACITURRI AERONAUTICA

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1603)

1. An 28 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sonaca S.A. ('Sonaca', an Bheilg), atá faoi rialú Wallonie Entreprendre SA (an Bheilg),

— Govera Inversiones S.L. ('Govera', an Spáinn),

— Aciturri Aeronautica S.L.U ('Aciturri', an Spáinn).

Gheobhaidh Sonaca agus Govera rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar oibríochtaí aerastruchtúir Aciturri.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir agus soláthróir Leibhéal 1 é Sonaca atá gníomhach ar fud an domhain i bhforbairt, monarú agus cóimeáil aerastruchtúr miotalach comhtháite le haghaidh úsáidí sibhialta, cosanta agus spáis, trína fhochuideachtaí agus trína láithreáin táirgthe san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh agus Theas,

— Is cuideachta í Govera a bhfuil rannpháirtíochtaí aici i roinnt cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear earnáil na n-inneall aerárthaigh, earnáil na hidrigine agus earnáil an spáis. Tá 100 % de scairchaipiteal Aciturri ina sheilbh ag Govera.

— Is soláthraí comhtháite aerastruchtúir Leibhéal 1 é Aciturri atá speisialaithe i ndearadh, monarú agus cóimeáil aerastruchtúir ilchodacha ardteicneolaíochta agus a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn páirteanna innill aerloingseoireachta freisin. Tá roinn inneall aerárthaigh Aciturri lonnaithe lasmuigh de theorainn an chomhchruinnithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11898 – SONACA / GOVERA INVERSIONES / ACITURRI AERONAUTICA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË